# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**04 Aibreán 2024** || Eagrán 190

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*



# GADAÍOCHT I SÉIPÉIL ÁITIÚLA

Tá Gardaí sa Spidéal ag fiosrú buirgléireachta a tharla i gCill Éinde sa Spidéal, idir 18 agus 23 Márta nuair a déanadh iarracht rudaí a thógáil as an séipéal. Is mian leo labhairt le duine ar bith a bhféadfadh eolas a bheith acu faoin eachtra agus iarrtar orthu teagmháil a dhéanamh le stáisiún Gardaí An Spidéil ag 091-553 122. Tá gardaí in Indreabhán ag fiosrú buirgléireachta a tharla i gCill Treasa idir 18 agus 19 Márta, áit a rinneadh damáiste don mhaoin. Tá siad ag iarraidh ar aon duine a bhfuil aon eolas acu faoin eachtra seo teagmháil a dhéanamh leo ag Stáisiún na nGardaí in Indreabhán ag 091-593 102 nó ar líne rúnda na nGardaí ag 1800 666 111.

# BÁNÚ I DTEACH LAIGHIN

Tá cuireadh tugtha ag Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge de chuid an Oireachtais d'ionadaithe ón eagraíocht BÁNÚ cur i láthair a dhéanamh i dTeach Laighean ag cruinniú le 'Fadhb Thithíochta na Gaeltachta' a chíoradh. Ar an gCéadaoin seo chugainn, 10 Aibreán, a bheas an cruinniú ar bun. Tá cuireadh tugtha do Darragh O'Brien TD an tAire Tithíochta, labhairt leis an gComhchoiste ar an lá céanna freisin.

Bunaíodh BÁNÚ thart ar sé mhí ó shin mar bhrúghrúpa faoi cheist na tithíochta sa nGaeltacht. Tá ceithre éileamh ag BÁNÚ maidir le réiteach a fháil ar an bhfadhb tithíochta sa nGaeltacht, ina measc tá éileamh á dhéanamh go mbeadh an chumhacht faoin reachtaíocht ag Údarás na Gaeltachta dul ag plé le soláthar tithíochta sa nGaeltacht do chainteoirí Gaeilge.

# SCÉAL NA GAILLIMHE

**Is tionscnamh ar leith é Scéal na Gaillimhe. Croílár oidhreacht chultúrtha, tairiúil agus ealaíne na Gaillimhe a spáint trí léiriú cruthaitheach ó mhuintir an cheantair atá gceist leis. D'iarr Fíbín sa Taibhdhearc agus Comhlacht Cultúir na Gaillimhe, ar ealaíontóirí, taibheoirí, déantóirí, dearthóirí agus daoine cruthaitheacha i nGaillimh atá ag obair i nGaeilge ceiliúradh a dhéanamh ar shaibhreas cultúrtha an cheantair. Roghnaíodh seisear díobh agus cuirfidh siad a saothar i láthair ar an tSráid Mheánach agus sa Taibhdhearc ar an Domhnach beag seo, 7 Aibreán. Tuilleadh eolais ó https://www.antaibhdhearc.com/events/scealnagaillimhe**



# DEONTAISÍ TACAÍOCHTA POBAIL

Tá na deontais faoin Scéim Tacaíochta Pobail atá ceadaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe do eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí ealaíona fógartah le seachtain anuas.

Seo a leanas na deontais atá ceadaithe do ghrúpaí a bhíonn ag feidhmiú i gCois Fharraige:

Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige: €500 le dráma Gaeilge a chur ar stáitse.

Comharchumann Sailearna: €400 le imeacht a eagrú ar Oíche Chultúir 2024.

Club Scannán Sailearna: €700 le dhá shéasúr scannán a eagrú.

Comharchumann Sailearna: €1,000 le athsholáthar a dhéanamh ar chuaille adhmaid lochtach ar an bPáirc Spraoi.

Taispeántas Chois Fharraige: €800 leis an seó talmhaíochta a eagrú, Meán Fómhair 2024.

Caitheamh Cruifí Chois Fharraige is Na nOileán: €500 le cluiche idirnáisiúnta a eagrú.

Pastime Chonamara: €1,000 le taispeántas a eagrú ag Cnocán anChladaigh.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga: €700 le Féile Chois Fharraige a eagrú.

Cumann Forbartha Chois Fharraige: €1,000 le comóradh a dhéanamh ar 50 bliain ó eagraíodh Oireachtas na Gaeilge 1974 i gCois Fharraige.

# ÉISTEACHTAÍ AG ROS NA RÚN

Tá roinnt aisteoirí nua ag teastáil i gcliar Ros na Rún sula bhfilleann an sobalch an sobalchlár don 29ú séasúr. Rólanna éagsúla i gceist, idir fhir agus mná atá os cionn 18 mbliana d'aois. Beidh éisteachtaí ar siúl i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath. Má tá suim agat ann is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig leiriuchain@rosnarun.com.




# FOLÚNTAIS AG AN ITT

Fáiltíonn an ITT roimh iarratais do phostanna mar Oibrí Luathbhlianta, ar bhonn lánaimseartha agus páirt aimseartha. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 5 nó 6 i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann) a bheith acu. Tá líofacht sa Ghaeilge riachtanach don phost seo.

Tá an ITT ag glacadh le hiarratais freisin do oibrithe Iarscoil. Níl cáilíocht cúram leanaí ag teastáil don Iarscoil. Le cur isteach ar aon cheann de na postanna thuasluaite, ní mór iarratais agus CV a sheoladh chuig ittancranntaca@gmail.com



# SCÉIM SCOLÁIREACHTAÍ GAELTACHTA DO THUISMITHEOIRÍ 2024

Tá Teanga Tí de chuid Ghlór na nGael ag fáiltiú roimh iarratais ó thuismitheoirí/chaomhnóirí gurb í an Ghaeilge teanga an tí nó a bhfuil a gcuid gasúir ag freastal ar Ghaelscoil agus gur mhaith leis na tuismitheoirí sin freastal ar chúrsaí chun a gcuid Gaeilge féin a fheabhsú. Bronnfar scoláireacht de luach €500 orthu siúd a chomhlíonann na critéir thíos. Is féidir leis an scoláireacht a chaitheamh ar tháillí cúrsa nó lóistín. Seo liosta de na coláistí atá aitheanta mar chuid den scéim:

- Coláiste na Rinne
- Oidhreacht Chorca Dhuibhne
- Oideas Gael
- Acadamh na hOllscolaíochta
- Coláiste Naomh Éanna
- Comharchumann Ráth Chairn

Na critéir:

- Gurb í an Ghaeilge teanga an tí nó go bhfuil páiste(í) ag freastal ar Ghaelscoil
- Go dtuigeann tú go gcaithfear fianaise a chr ar fáil agus nach íocfar an scoláireacht go mbeidh an cúrsa thart agus cruthúnas freastail faighte ag Glór na nGael
- Go mbeidh tú sásta aiseolas a thabhairt do Ghlór na nGael faoi éifeachtacht na scéime seo

Tá teacht ar an bhfoirm anseo: Scoláireachtaí Gaeltachta 2024

Glacfar le hiarratais go dtí 12:00 19 Iúil 2024

Tá tuilleadh eolais le fail ó Niamh Ní Mhóra niamh@glornangael.ie

# MAITH É PÁDRAIC Ó CULÁIN!

**Bronnadh Gradam "Hall of Fame" ar Phádraic Ó Cualáin as an Teach Mór, le gairid, as ucht a chuid oibre, díograis, agus saineolas maidir le Capaillíní Chonamara.**

**Beidh a ainm liostáilte anois i mbunachar sonraí an chumainn, ar dhuine de na daoine ar bronnadh an gradam seo orthu thar na blianta. Is cósúil gurb é seo an céad uair ar bronnadh an gradam ar aon duine as Cois Fharraige. Treise leat, a Phádraic!**



# CREIDIM IONAT

Tá comhfheachtas Creidim Ionat idir lámaha ag Foras na Gaeilge agus RTÉ. Is é aidhm an fheachtais cur le pé leibhéal Gaeilge atá agat faoi láthair. Ar an 8 Aibreán a thosóidh sé agus leanfaidh sé ar feadh ceithre seachtaine. Beidh daoine aitheanta éagsúla páirteach freisin. Tabharfaidh siad gealltanas spriocanna pearsanta maidir leis an nGaeilge a bhaint amach. Tá tuilleadh eolais le fáil agus deis chun cláraithe ag
https://www.forasnagaeilge.ie/creidim-ionat-ga/

# CUMASÚ/EMPOWER

Clár é CUMASÚ a dhíríonn ar na dúshláin shonracha a chuireann bacanna ar mhná atá i mbun gnó agus a chuidíonn leo deiseanna a thapú chun na gnóthaí sin a fhás agus a fhorbairt.
13 banfhiontraí a ghlac páirt sa gclár píolótach anuraidh. Tá Údarás na Gaeltachta agus EMPOWER chun clár Cumasú níos leithne a sheoladh i mbliana. Tá na cláir seo dírithe ar ar bhanfhiontraithe sna ceantair Ghaeltachta ar fad. Beidh an clár á reáchtáil i gcomhar le Moil Nuálaíochta agus le hOllscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) agus Ionad Rubicon MTU i gCorcaigh.
Tá dhá chúrsa atá á dtairiscint acu: TÚS, sraith 12 seachtain agus FÁS sraith 11 mí.
Tuilleadh eolais ar fáil ag www.empowerprogramme.ie agus Fb.me/EMPOWERHer.ie

# SLÁN LE SAOIRSE

Tá an Fóram ag fágáil slán le Saoirse Holic, an tOifigeach Cúnta Pleanála Teanga a bhí ag obair linn ón bhFómhar seo caite, an deireadh seachtaine seo. Thosaigh Saoirse ag obair linn i mí Mheán Fhómhair seo caite, díreach roimh Fhéile Chois Fharraige. Rinne sí a cion féin i gcomhar le Katie Ní Loingsigh le Plean Teanga Chois Fharraige a chur chun cinn agus thug sí tacaíocht agus spreagadh do mhórán eagras agus daoine le linn a tréimhse linn. Tá an Fóram buíoch di as a díograis agus as a tiomantas. Guíonn muid chuile rath ar Shaoirse sa gcéad suíomh oibre eile agus is cinnte go mbuailfidh muid ar fad léi go rialta ag imeachtaí ar fud Chois Fharraige.

